Cia choimhéadfas clú Laighion?

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 17]

Fear gan ainm Mhac Eochadha .cc.

1 Cia choimhédfas clú Laighion?
mór bhfile le bhféchfuidhior;
bíodh a-nú [a] fhala ar an ég
muna bhfagha an clú a choimhéd.

2 Guais go mbia feasda ar folach
d'éis Aodha, an túr ardbhladhach;
mar ba gnáth le bloidh Branach
gan fháth ní fhoil easbhadhach.

3 Seaán Óg nárbh óg n-oirbheart,
d'iarsma na ríogh rooirdhearc;
a n-áireamh sin dleaghair dhíom
ar chin don fheadhain airdríogh.

4 Ós sinn as eólach orra
mur táid a Ráith ríoghDhroma,
an ghasruidh ríogh druim ar druim
ní casmhuil gan ríomh reamhuinn.

5 Seaán mac Aodha [is iúl glan]
ós cionn cáich d'éis a athar,
saobh ar ndeadhuil ris an druing
mar Aodh a ndeaghuidh Domhnaill.

6 Bás Domhnuill Ghlais [díochra an dáil]
damhna toirsi do thógbháil,
tug gan aoinmheas ar ollamh;
ar n-aoibhneas do íocamar.

7 Mairg thárruidh an bás dá mboing,
croinn toruidh cloinne Criomhthuinn;
teacht na gcrann as fás folamh,
barr ar in gcás Conchubhar.

8 Fonn Branach do bhí dá réir,
mac Philip is iad d'aoinmhéin,
dream dob fhíreasbhaidh don fhonn,
ceann na ríghfhear-soin Raghnoll.

9 A ndul uainn d'éis a chéile,
dúin is damhna míchéille;
ós é a gcríoch cuimhne na sean,

is duilghe an díoth fá dheireadh.

10 Glóir Gaoidhiol ar gcúl do chur,
do dhruim tnúith tig a turnamh;
a bhuain dín ní cás coimsi,
dá bhrígh do fhás m'atuirsi.

11 Mac Seaáin, seólchrann Branach,
Laighnigh uaidh is easbhadhach;
damhna maothchroidhe am Bóinn Breagh
tré ghlóir laochruidhe Laighion.

12 A mhéd d’aoinlén ní fhuair riamh
ríoghruidh oirdheirc Ghuirt Ghailian;
ól seirbhdhighe dháibh a dhul,
ceinnbhile cáigh do chosnamh.

13 Teacht do chabhair Chláir na bhFionn
muna ttí d’iarthar Éirionn,
fada cabhair ón taobh thoir,
Branaigh is Aodh ’na n-easbhaidh.

14 Barr cumhadh do thoirsi thruim
d’éis imtheachta d’ua Rémainn;
a ttás oirne san Aoine,
doilghe cás na cédAoine.

15 Mar támaid, ca doilghe dáil?
a n-égmuis oighre Seaáin;
a tiomna dom ré as roghar,
ní hiongna mé ar mearabhal.

16 Mo lucht feithmhe uaim uile
do-éid d’éis ar nAodhui-ne;
ós tréd gan aoghaire inn,
ég aonduine ní áirmhim.

17 Ciodh mór ttriath táinig don druing,
níor fhás riamh do fhréimh Raghnuill
rí ’gárbh fhearr onóir ollaimh,
ceann an roshlóigh Raghnalluigh.

18 An t-ord fileadh dá bhfuil sinn,
ní fhuil ar feadh Fhóid Fhéilim
ar súil ré haon ’na ionadh
ré hAodh dúin ar ndeileaghadh.

19 Cosc antruim d’éigsibh Laighion
a-niú ar orchra íocfuidhior;

dol do dhéinimh a ndearna
blogh do thréidhibh tighearna.

20 Iad uile eidir óg is shean,
dá measdaoi laochruidh Laighean,
do mheas mé nách creach coimsi,
neach mar é ní fhaghaim-si.

21 An tshíon do-chóidh as a cruth
d’éis codhnuigh críche Branuch;
do líon brón in gach baile,
síon gan chlódh ar gcumhai-ne.

22 Gan tol d’aoibhnios ná dh’ól fleadh
tré chnaoi mullaigh na míleadh;
níor fhear cogaidh é oirne,
[sé] m'fhear cogair ’s comhairle.

23 Ní buan ollamh d’éis a ríogh,
baoghal damh dul a ndimbríogh;
sé ar gach taobh ag teacht ruinne,
neart ag gach aon oroinne.

24 Budh cian bhus cumhain linne
ar muirn ó mhac Duirinne;
nach iongnadh dún déinimh bróin?
tnúdh gach éinfhir rér n-onóir.

25 D’éis cáich do chaithiomh a rosc
do-chím nach tráth dá tteagusc;
cosc bróin Baile na Corra
ní raibhe ar m'óidh eattorra.

26 Ar a chionn ciodh falamh fuair
críoch Raghnuill an fhóid ionnfhuair,
re hAodh ar ndealaghadh dí
neamhfholamh gach aon innte.

27 Faill Aodha go n-uair an t-ég
urradh ar gcríoch do choimhéd;
fada dhóibh ag breith bisigh,
ní cóir cleith na coimhdhi-sin.

28 An feadh do bhí ’na bheathaidh,
tar uaislibh síl sáirEachaidh
go ttarla lén a ndán dó
a shén do chládh ní chuala.

29 D’éis Aodha ní hiongnadh linn,

críoch Branach na mbeann n-aoibhinn,
dob fhiú ar fhás d’fhalaidh ortha,
Branuigh a gcás cabhartha.